Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2023**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CUID I: CLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

(a) Tógálaí = an chéad phictiúr **/7**

(b) Ainmhithe **/7**

**Ceist 2 (14 mharc)**

(a) Co. Phort Láirge = an ceathrú pictiúr **/7**

(b) Billy **/7**

**Ceist 3 (8 marc)**

Staid pheile = an tríú pictiúr **/8**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar chlé (tic nó saighead sa bhosca) **/8**

**Ceist 5 (16 mharc)**

(a) Cluiche sacair = an chéad phictiúr **/8**

(b) 23 céim Celsius **nó** 29 céim Celsius **/8**

**Ceist 6 (20 marc)**

(a) Fuair sí fáinne cluaise eile **nó** Tá fáinne ina srón aici **/10**

(b) €750 **/10**

**Ceist 7 (20 marc)**

(a) Ar Inis Mór **/10**

(b) Ar an mbád **/10**

**Ceist 8 (20 marc)**

(a) I mBeirlín sa Ghearmáin **/10**

(b) Bráisléad **/10**

**CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)**

**Ceist 1 Meaitseáil** **(40 marc)**

| Uimhir an phictiúir | Litir | Ceist 1 | |
|---|---|---|---|
| 1 | I | 1.1 | /4 |
| 2 | D | 1.2 | /4 |
| 3 | B | 1.3 | /4 |
| 4 | G | 1.4 | /4 |
| 5 | H | 1.5 | /4 |
| 6 | J | 1.6 | /4 |
| 7 | F | 1.7 | /4 |
| 8 | C | 1.8 | /4 |
| 9 | E | 1.9 | /4 |
| 10 | A | 1.10 | /4 |

An Nós Marcála:

- An marc bronnta (4 nó 0) a chur sa bhosca ar dheis ar an scáileán.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) An Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Dún Búinne, Co. na Mí | 2a(1) | **/5** |
| 2. | San Eacnamaíocht Bhaile | 2a(2) | **/5** |
| 3. | Ag cuntar an deilí san ollmhargadh | 2a(3) | **/5** |
| 4. | Milseoga deasa a chruthú | 2a(4) | **/5** |
| 5. | Am ar bith | 2a(5) | **/5** |

**(b) An Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Faoi chailín óg | 2b(1) | **/5** |
| 2. | Cáit | 2b(2) | **/5** |
| 3. | I mBeirlín na Gearmáine | 2b(3) | **/5** |
| 4. | 8 | 2b(4) | **/5** |
| 5. | Oíche na ngradam Oscar | 2b(5) | **/5** |

**(c) An Scéal Nuachta (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ar a deich a chlog ar maidin | 3c(1) | **/5** |
| 2. | Ní raibh na fóin ag obair | 3c(2) | **/5** |
| 3. | Go dtí stáisiún na nGardaí | 3c(3) | **/5** |
| 4. | Dochtúir agus altra | 3c(4) | **/5** |
| 5. | Bhí a bpáistí slán sábháilte. | 3c(5) | **/5** |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) An tAlt (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 1994 | 3a(1) | **/6** |
| 2. | Iomáint | 3a(2) | **/6** |
| 3. | I Luimneach | 3a(3) | **/6** |
| 4. | 3 | 3a(4) | **/6** |
| 5. | Sciliúil / láidir / tapa / cabhrach / cairdiúil | 3a(5) | **/6** |

**(b) An Giota (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Príomhláithreoir Nuachta | 3b(1) | **/6** |
| 2. | Sa Spidéal | 3b(2) | **/6** |
| 3. | Gaeilge agus Gearmáinis | 3b(3) | **/6** |
| 4. | 2011 | 3b(4) | **/6** |
| 5. | Taisteal / Thar lear/ Meiriceá (Theas) / Eoraip / Áise / Saoire / (oileán) Árann | 3b(5) | **/6** |

**(c) Na Véarsaí (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Sa Chistin | 3c(1) | **/6** |
| 2. | An domhan | 3c(2) | **/6** |
| 3. | Mamó | 3c(3) | **/6** |
| 4. | Taobh amuigh | 3c(4) | **/6** |
| 5. | Le spideog | 3c(5) | **/6** |

**CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (45 marc)**

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil "ad rem"*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil**.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

**Cumas Cumarsáide (Cumarsáid)**:

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge (Cruinneas)**:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
(iii) Litriú

**Ábhar nach bhfuil "ad rem"**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

**Ábhar Neamhghnách**:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**Ná glac le Béarla**.

**Nóta**: Marcáil na roghanna go léir atá déanta i gCeist 4 agus i gCeist 5 agus roghnófar an dá mharc is airde.

**Ceist 4(a)** **Fógra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 marc

- Leagan Amach **/1**
- Pictiúr 1 **/10**
- Pictiúr 2 **/13**
- Pictiúr 3 **/5**
- Pictiúr 4 **/5**
- Cruinneas **/11**

**Cumas Cumarsáide**: Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(i) **Leagan Amach (1 mharc)**

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal ***Fógra*** agus an marc sa bhosca) **/1**

(ii) **Treoracha**

- **Pictiúr 1 (5 + 5 = 10 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl?
  - Cén áit? (tic leis an **dá** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 10**
- **Pictiúr 2 (4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc)**
  - Cén lá?
  - Cén dáta?
  - Cén t-am?
  - Cead isteach? (tic leis na **ceithre** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 13**
- **Pictiúr 3 (5 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? (tic leis an **ainm** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Pictiúr 4 (5 mharc)**
  - Cá rachaidh an t-airgead? (tic leis an **áit** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 4(a) as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid mhaith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Ceist 4(a)** **Fógra (45 marc)**

**Pictiúr 1** **Cén rud a bheidh ar siúl?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: *ceoldráma, dráma, ceolchoirm, seó stáitse*
Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *seó, daoine/páistí ar stáitse*
Glac leis an bhfreagra seo ar 1 mharc: *ceol, rince/damhsa*

**Pictiúr 1** **Cén áit?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge. *Áit/ionad: i halla na scoile, sa halla pobail, i halla…*
Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *sa halla, ainm áite* (as Gaeilge) leis féin
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

**Pictiúr 2** **Cén lá?** **4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...*

**Pictiúr 2** **Cén dáta?** **3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine 2023…*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/5/2023*…
nó má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2023*
Glac leis na freagraí seo ar 1 mharc: *3ú* (gan an mhí), *dáta: 3*
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2** **Cén t-am?** **3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí: *A haon déag a chlog, 11 a.m., am lóin, Am: 11, 11 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae…*
Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *11:00*
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2** **Cén cead isteach?** **3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha Euro agus ceangal éigin le cead isteach.
Samplaí: *Táille: €10, Deich euro mar chead isteach, Ticéad €10, Táille €10…*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *Táille: 10, €10* (leis féin)
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 3** **Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?** **5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.
Samplaí: *Ryan Tubridy ann/i láthair/ar an stáitse/sa scoil/sa chlubtheach/mar aoi speisialta/mar fhear an tí…*
Glac leis an iarracht seo ar 2 mharc: *Ryan Tubridy* gan aon cheangal/gan aon ionramháil.
Ná glac le hainm aon duine eile.

**Pictiúr 4** **Cá rachaidh an t-airgead?** **5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí Trócaire…, daoine bochta san Afraic…

Samplaí: *Ar son Trócaire, Airgead ag dul go (dtí an) Trócaire,*

*Airgead: Trócaire, Airgead → daoine bochta, ar son daoine bochta…*

*"Trócaire"* leis féin = 0

**N.B. Beidh pionós -1 i gceist gach uair a luaitear an Aimsir Chaite.**

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

**4(b) Litir (45 marc)**

- Seoladh **/2**
- Dáta **/1**
- Beannú **/1**
- Críoch **/2**
- Pictiúr 1 **/7**
- Pictiúr 2 **/7**
- Pictiúr 3 **/7**
- Pictiúr 4 **/7**
- Cruinneas **/11**

**Cumas Cumarsáide (34 marc) Tasc** → Litir a scríobh chuig do chara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**(i) Leagan Amach (6 mharc)**

- Seoladh (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/2**
- Dáta (glac le figiúirí) (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/1**
- Beannú (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/1**
- Críoch / Slán (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/2**

**(ii) Treoracha (28 marc)**

- Pictiúr 1: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/7**
- Pictiúr 2: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/7**
- Pictiúr 3: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/7**
- Pictiúr 4: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/7**

- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/11**

| | | **Ceist 4(b) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid mhaith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Leagan amach:**

**Seoladh:** Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge = **2 mharc**
Glac lena leithéid de "*Bóthar Crumlin*" *nó* "*Sráid Patrick*"
Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla

**Dáta:** Glac le figiúirí = **1 mharc**

**Beannú:** Ainm ar bith, fiú a *chara.* = **1 mharc**

**Críoch:** Dhá chuid ag teastáil. *Slán …* agus ainm = **2 mharc**

**Pictiúr 1** Ag insint faoin bpóstaer/faoin óstán (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** an áit a raibh an póstaer, an áit a bhfuil an t-óstán, pointe ar bith atá ar an bpóstaer agus ionramháil déanta air…

**Pictiúr 2** Ag insint faoi na daoine a bhíonn san óstán (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** turasóirí, a lán daoine, fáilteoir, freastalaí, plódaithe, daoine ag ól tae/ag ithe béile/ceapaire, Meiriceánaigh, duine ar bith a bhfuil cáiliú déanta air/uirthi...

**Pictiúr 3** Ag insint faoin obair a rinne tú san óstán (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** ag obair sa bhéar, ag obair sa bhialann, ag cóiriú na leapacha, ag glanadh, ag cur amach an bhruscair...

**Pictiúr 4** Ag insint faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhíodh lá saor agat (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** ag dul go dtí an phictiúrlann, ag snámh, ag babhláil, ag siopadóireacht...

**Cuir tic le gach freagra ar na pointí eolais.**

**Ceist 5(a) Cuntas (45marc)**

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Tagairt **NR/-12**
- Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar: "**Saoire in Ionad Campála**" mar atá léirithe sa phictiúr. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – ceann do gach pictiúr (T1, T2, T3, T4) agus aon tagairt amháin eile (T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh – pionós -4 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid. Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (34, 30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca.
  **Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:**
  Insint faoin bpóstaer, dul ar saoire in ionad campála, an lá; an dáta; an t-am, daoine eile a bhí san ionad campála, daltaí bunscoile, scoláirí meánscoile, daoine fásta, picnic, bia, an aimsir, ag snámh, ag iascaireacht, ag dreapadóireacht, ag léamh, ag cócaireacht…
  an áit, ag comhrá, tuairim faoin tsaoire, mar a thaitin an tsaoire leat, mar a mhothaigh tú nuair a bhí an tsaoire thart…

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge**

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 5(a) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid mhaith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**5(b) Eachtra (45 marc)**

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Tagairt **NR/-12**
- Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – ceann do gach pictiúr (T1, T2, T3, T4) agus aon tagairt amháin eile (T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh – pionós -4 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid. Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (34, 30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.
- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca.

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

**Cruinneas Gaeilge /11 mharc**

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 5(b) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid mhaith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Glac leis na tagairtí seo a leanas**:

**Pictiúr 1**
Fón, téacs, ag caint, freagra, cuireadh...

**Pictiúr 2**
Cluiche ceannais, cluiche mór, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath, Scoil Mhuire agus Scoil Phádraig (dhá fhoireann ar bith), an turas go Páirc an Chrócaigh, slua mór...

**Pictiúr 3**
An cluiche féin, scór, cúilín, cúl, feall, gortú, réiteoir, dian, bua, corn...

**Pictiúr 4**
An fhoireann ag teacht abhaile, fáilte mhór, ceol, tinte cnámh, slua mór...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_{1,}$ $T_{2,}$ $T_{3,}$ $T_{4,}$ $T_5$

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

**Ceist 4(a) Fógra**
**Ceist 4(b) Litir**
**Ceist 5 (a) Cuntas**
**Ceist 5 (b) Eachtra**

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

**Cruinneas Gaeilge = 11 marc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

| | | **Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid mhaith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**An Triail Chluastuisceana**

**Ceist a hAon (Canúint Chonnacht)**

Dia daoibh. Is mise Ciara Ní Loingsigh. Táim naoi mbliana déag d'aois agus táim ag tabhairt faoi Scrúduithe na hArdteistiméireachta i mbliana. Tá cúigear againn sa teaghlach. Is tógálaí é m'athair agus is banaltra í mo mháthair. Tá mo dheartháir ag freastal ar Choláiste na Tríonóide faoi láthair agus tá sé ag déanamh staidéir ar an eolaíocht. Tá mo dheirfiúr san idirbhliain. Ba mhaith liom féin a bheith i mo thréidlia amach anseo. Tá súil agam freastal ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an bhliain seo chugainn. Tá an-spéis agam in ainmhithe ó bhí mé an-óg. Is feirmeoir é comharsa liom agus cuidím leis aire a thabhairt dá chapaill. Tá dhá mhadra, cat amháin agus cúpla sicín againn féin sa bhaile. Ba bhreá liom post a bheith agam ag obair le hainmhithe amach anseo.

**Ceist a Dó (Canúint na Mumhan)**

Dia daoibh. Séamus de Faoite is ainm dom. Is as Contae Phort Láirge ó dhúchas dom, ach táim i mo chónaí i mBaile Átha Cliath faoi láthair. D'fhreastail mé ar Ollscoil na Gaillimhe agus bhain mé céim amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis ansin. D'oibrigh mé ar feadh bliana i siopa leabhar i nGaillimh sular thug mé m'aghaidh ar Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, táim ag obair mar leabharlannaí in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Táim ag cur fúm in árasán beag i lár na cathrach, le beirt eile: Anna agus Billy. Is altra í Anna agus is as contae Dhún na nGall di. Oibríonn Billy i mbialann agus is as Contae Dhoire dó. Is aoibhinn le Billy cócaireacht agus déanann sé dinnéar álainn dúinn beagnach gach tráthnóna. Déanaimse a lán den obair tí. Is maith liom an teach a bheith deas glan agus néata. Bíonn Anna ag obair san oíche agus ní bhíonn an deis aici mórán oibre a dhéanamh sa teach ach is breá léi a bheith ag seinm an ghiotáir. Réitíonn muid go han-mhaith le chéile agus bíonn a lán spraoi againn.

**Ceist a Trí (Canúint Uladh)**

*Ar an mbóthar…carr ag stopadh*

**Fear:** Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil staid na peile? Tá mé ag dul ansin le cluiche peile a fheiceáil. Tá m'fhón marbh agus níl léarscáil agam anois. Sílim go bhfuil mé ar strae!

**Bean:** Tá a fhios agam, cinnte. Tá staid na peile thart ar dheich nóiméad siúil ón áit seo. Coinnigh ort síos an bóthar seo, thar oifig an phoist, agus tiocfaidh tú chomh fada leis an dealbh mhór atá i lár an bhóthair. Cas ar dheis, feicfidh tú staid na peile in aice leis an linn snámha ansin. Ní ghlacfaidh sé ach deich nóiméad ort.

**Fear:** Go raibh míle maith agat. Is mór an cuidiú sin.

**Bean:** Tá fáilte romhat.

**Ceist a Ceathair (Canúint Chonnacht)**

*Ar an tsráid…carr ag stopadh*

**Bean:** Dia duit, a dhuine uasail. An bhféadfá cabhrú liom, le do thoil? Táim ag iarraidh an mheánscoil áitiúil a aimsiú. Is gá dom na ríomhairí seo a fhágáil leo. Measaim go bhfuil mé cóngarach don áit anois.

**Fear:** Níl tú i bhfad uaidh in aon chor. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta agus cas ar chlé ansin. Téigh thar ollmhargadh Spar agus cas ar dheis. Tá an mheánscoil ag barr an bhóthair sin ar thaobh na láimhe clé.

**Bean:** Ar chlé ag na soilse tráchta, thar ollmhargadh Spar agus ar dheis ansin. Suas go barr an bhóthair agus tá an mheánscoil ar thaobh na láimhe clé.

**Fear:** Sin é go díreach.

**Bean:** Nár leaga Dia thú. Slán.

**Ceist a Cúig (Canúint na Mumhan - bean)**

Agus anois an aimsir don deireadh seachtaine. Beidh aimsir bhreá ghrianmhar ann timpeall na tíre ar feadh an deireadh seachtaine. Mar sin, beidh uachtar gréine uaibh i mBaile Átha Cliath amárach nuair a bheidh an cluiche mór sacair ar siúl i Staid Aviva. Sroichfidh an teocht 29 céim Celsius ar an meán amárach ach sroichfidh an teocht is airde 31 céim Celsius in áiteanna, go háirithe sa deisceart. Beidh gaoth lag ag séideadh sa tuaisceart, mar sin ní mhothóidh an teocht mórán níos mó ná 23 céim Celsius. Leanfaidh an aimsir bhreá go ceann cúig lá eile ar a laghad.

**Ceist a Sé (Canúint Uladh)**

**Laoise:** Haigh, a Dhaid. Cad é mar atá tú?

**Daid:** Ó, in ainm Dé, a Laoise. Tá fáinne cluaise eile faighte agat. Tá mé ar mire faoi!

**Laoise:** Á, a Dhaid! Níl ann ach fáinne cluaise beag i lár mo chluaise. Tá cuma an-fhaiseanta air, fan go bhfeice tú.

**Daid:** A Thiarna! Tá fáinní cluaise agat cheana féin agus fainne eile i do shrón. Tá mé ar buile leat!

**Laoise:** Ach, a Dhaid, níl aon rud aisteach faoi chúpla fáinne cluaise a bheith ag duine. Amharc ar na pictiúir ar Instagram. Bíonn go leor fáinní cluaise ag daoine na laethanta seo.

**Daid:** Shíl mé go raibh tú ag sábháil airgid don turas scoile ach chaith tú an t-airgead go seafóideach!

**Laoise:** Níor chosain sé ach €40. Is mór is fiú é. Tá míle euro sa bhanc agam agus ní chosnóidh an turas scoile ach €750. Dúirt mamó liom go dtabharfadh sí airgead dom fosta. Beidh fuílleach airgid agam. Ní bí buartha, a Dhaid.

**Daid:** €40 ar fháinne cluaise! An bhfuil tú glan as do mheabhair? Tá sé thar am agat freagracht a fhoghlaim. Níl deireadh ráite agam faoi seo go fóill.

**Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)**


Ar an teileafón…

**Cian:** A Mháire, Cén chaoi a bhfuil tú? Ní fhaca mé thú le cúpla lá.
**Máire:** A Chian, táim go maith, go raibh míle maith agat. Bhí mé féin agus mo theaghlach ar saoire ar Inis Mór Árann le trí lá anuas.
**Cian:** Is breá liom sin a chloisteáil, a Mháire. Conas a thaisteal sibh go hInis Mór?
**Máire:** Thóg mé féin, mo dheirfiúr Síle agus m'athair an bád ó chathair na Gaillimhe maidin Déardaoin. Bhí an aimsir aoibhinn agus an fharraige ciúin. Bíonn bád ag seoladh ó Ros an Mhíl freisin gach lá ach bhí cathair na Gaillimhe i bhfad níos áisiúla dúinn. Thóg mo mháthair an t-eitleán go hInis Mór mar ní maith léi taisteal ar bhád. Bhí an eitilt an-tapa ar fad – thart ar cúig nóiméad.
**Cian:** Agus cad a rinne sibh ar an oileán?
**Máire:** D'fhanamar in óstán beag álainn. Fuaireamar rothair ar cíos agus rothaigh muid timpeall an oileáin orthu. Chonaiceamar radhairc iontacha, a lán sean-séipéal álainn agus ar ndóigh thugamar cuairt ar Dhún Aonghusa. Tá an fharraige iontach glan timpeall an oileáin agus chuamar ag snámh gach lá.
**Cian:** An bhfuil aon bhialann dheas ar Inis Mór?
**Máire:** Bhí béile iontach deas againn sa bhialann 'An Béile Blasta' oíche Dé hAoine. D'ith mé iasc úr ón bhfarraige chomh maith le prátaí agus glasraí a fásadh ar an oileán.
**Cian:** Cén lá ar tháinig sibh ar ais abhaile?
**Máire:** Thógamar an bád ar ais go cathair na Gaillimhe tráthnóna Dé Sathairn. Bhí sé déanach nuair a bhaineamar amach an baile. Táimid le dul ar ais arís an bhliain seo chugainn.
**Cian:** Iontach, a Mháire. Is léir gur thaitin an tsaoire go mór leat.

**Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)**

**Caoimhe:** Cad a rinne tú ag an gCáisc i mbliana, a Riain?
**Rian:** Thaisteal mé go Beirlín sa Ghearmáin le mo theaghlach, a Chaoimhe. Tá col ceathracha linn ina gcónaí i mBeirlín agus thug siad cuireadh dúinn dul ar cuairt chucu. Ní fhaca mé iad le dhá bhliain!
**Caoimhe:** Caithfidh go raibh turas álainn agat.
**Rian:** Thóg muid an t-eitleán ó aerfort Bhaile Átha Cliath ach b'éigean don eitleán tuirlingt i mBirmingham Shasana ar an mbealach. Dúirt an píolóta go raibh fadhb leis an inneall. Chuamar ar bord eitleán eile ansin agus shroich muid Beirlín díreach dhá uair an chloig níos moille ná ba chóir dúinn.
**Caoimhe:** Cén chaoi a raibh an aimsir i mBeirlín?
**Rian:** Ó, a Chaoimhe, bhí an aimsir fliuch agus stoirmeach. Bhí tuillte ar na sráideanna ann maidin amháin.
**Caoimhe:** Ar éirigh leat mórán den chathair a fheiceáil?
**Rian:** Chonaic mé cuid den chathair. Chonaic muid geata Brandenburg agus cúpla músaem, agus chuaigh muid ag siopadóireacht.
**Caoimhe:** Agus céard a cheannaigh tú ann, a Riain?
**Rian:** Cheannaigh mé go leor leor rudaí, a Chaoimhe. Cheannaigh mé cúpla t-léine nua agus geansaí dom féin. Cheannaigh mé bráisléad do mo chailín freisin. Bhí luach maith le fáil ar earraí ann.
**Caoimhe:** Ná habair go ndearna tú dearmad ormsa.
**Rian:** Á, ní fhéadfainn dearmad a dhéanamh ortsa, a chara dhil. Seo duit.

## Anótáil

| | **Cur síos** | **Sainchiall** |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Pointe eolais |
|  | Líne ceartingearach | Leathanach feicthe |
|  | Líne chothrománach | Eolas míchruinn/botúin |
| **T1** | Tagairt a haon | Tagairt a léiriú |
| **T2** | Tagairt a dó | Tagairt a léiriú |
| **T3** | Tagairt a trí | Tagairt a léiriú |
| **T4** | Tagairt a ceathair | Tagairt a léiriú |
| **T5** | Tagairt a cúig | Tagairt a léiriú |